ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

BUAN OIFIGEACH CLÉIREACHAIS (PAINÉAL) AG TEASTÁIL

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht a sholáthraíonn bonn don Údarás.

Is é an misean atá againn ná "A chinntiú go soláthrófar na caighdeáin is airde agus is féidir ó thaobh seirbhísí a bhaineann le huchtáil, agus leas an linbh agus an duine óig a bheith mar chéad phríomhchuspóir, agus gníomhú mar institiúid chuimhne dár n-úsáideoirí seirbhíse".

Tá an tÚdarás ag iarraidh Oifigigh Chléireachais bhuana a earcú in ilaonaid, i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Beidh obair chumaisc ar fáil sna poist seo, faoi réir nádúr na ndualgas.

Is é príomhról an Oifigigh Cléireachais cuidiú le soláthar éifeachtach fheidhmeanna reachtúla Údarás Uchtála na hÉireann agus le seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar don phobal agus seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar freisin do chomhghleacaithe san Údarás. Déanann an tÚdarás anailís chriticiúil agus úsáideann sé dea-bhreithiúnas agus cinnteoireacht mhaith go laethúil. Tá an tOifigeach Cléireachais ina chuid thábhachtach den fhoireann.

Beifear ag súil go mbeidh an tOifigeach Cléireachais freagrach as tascanna agus go nglacfaidh sé nó sí úinéireacht orthu agus go dtabharfar chun críche iad go sásúil trí obair a eagrú agus a leithdháileadh go héifeachtach. Tá éagsúlacht sa ról seo agus éilíonn sé ar an iarrthóir rathúil a bheith solúbtha, in ann oibriú de réir spriocdhátaí teanna agus a bheith tiomanta do thorthaí ardchaighdeáin a sholáthar.

Spriocdháta: Meán lae Dé Céadaoin 16 Aibreán 2025